# Scoileanna Caitliceacha:

# Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

## 27 Eanáir – 3 Feabhra 2019

‘Ba cheart gurbh é an t-oideachas in iomláine na daonnachta, príomhthréith na scoileanna Caitliceacha’

An Pápa Proinsias



# An Curaclam don Oideachas Reiligiúnach Réamhscoile & Bunscoile Caitliceach in Éirinn (Leibhéal 1)

| AN CREIDEAMH CROSTAÍ | URNAÍ AGUS LIOTÚIRGE |
|---|---|
| **Rúndiamhair Dé**<br>• Gearrann Críostaithe fíor na croise orthu féin in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spiorad Naoimh<br>• Tugann Dia aire agus grá don uile theaghlach.<br><br>**Rúndiamhair Íosa Críost**<br>• Tá grá ag Íosa dúinn.<br>• Múineann Íosa dúinn maidir leis an Athair.<br><br>**Rúndiamhair na hEaglaise**<br>• Na Naoimh: Cairde Dé agus clann Dé ar Neamh (CCC 828,956-57, 960-62, 1195, 2013, 2030, 2683, 2692), Naomh Bríd<br>• Saol an pharóiste: roinnt, guí, aire a thabhairt i measc an chomhluadair (CCC 2179; CSRE 2a).<br>• Cruinníonn clann Dé lena chéile i dteach Dé, le hurnaí a dhéanamh. Cabhraíonn ár muintir linn bheith mar chairde Chríost.<br>• Cabhraíonn an sagart/oide linn a bheith mar chairde Chríost (LG 10). | **Urnaí**<br>• Cruinníonn clann Dé lena chéile i dteach Dé, teach an phobail (CCC 1180; LG 6; 1 Tm 3:15).<br>• Cruinníonn clann Dé lena chéile i dteach Dé, le hurnaí agus le ceiliúradh a dhéanamh (CCC 1069-71, 2179).<br><br>**Urnaí Fhoirmiúil**<br>• For na Croise<br>• Ár nAthair (CCC 2759)<br>• Altú roimh agus i ndiaidh na béilí<br>• Urnaí don Aingeal Coimhdeachta<br><br>**Uath-Urnaí**<br>• Guí chun Dé. Tugann sé aire agus cosaint dúinn. Guí ar son na dtuismitheoirí agus ar son an teaghlaigh, déan machnamh urnaitheach. .<br><br>**An Bhliain Liotúirgeach**<br>• Déanaimid an tAthair, an Mac, an Spiorad Naomh a adhradh, ach is féidir linn cabhair a lorg ó na naoimh (LG 53; CCC 2679).<br><br>**Aifreann**<br>• Cruinníonn clann Dé lena chéile le guí agus leis an Aifreann a cheiliúradh ar ócáidí ar leith (m.sh. Lá Nollag).<br>• Cruinníonn na Caitlicigh lena chéile leis an Aifreann a cheiliúradh (CCC 1167, 1343). |
| **BRIATHAR DÉ** | **AN MHORÁLTACHT CHRÍOSTAÍ** |
| **An Bíobla**<br>• Múineann an Bíobla dúinn conas Dia a ghrá agus maireachtáil de réir a thola.<br>• Foghlaimímid mar gheall ar Íosa sa Bhíobla (CCC 65).<br><br>**Saol Poiblí Íosa**<br>• Lúcás 11:1-4; Matha 6:9-13. Ár nAthair<br>• Matha 22:34-40; Marcas 12:28-34; Lúcás 10:25-8. An Phríomhaithne.<br>• Marcas 4:35-41/Matha 8:23-7. Smacht ag Críost ar na Dúile.<br>• Marcas 10:13-16; Matha 19:13-15; Lúcás 18:15-17. Íosa agus na Leanaí<br>• Eoin 6:1-13. Míorúilt na nBuilíní | **An Dínit Dhaonna**<br>• Tá grá ag Dia don uile dhuine (Irim 31:3; 1 Eoin 4:10-11; CSRE 3a).<br>• Iarrtar orm Dia agus an duine eile a ghrá (Matha 22:36- 40).<br>• Daoine ar leith sinn i súile Dé (CCC 225, 356-61, 369, 1604, 1700-01, 1944-46, 2319, 2334; CSRE 3a).<br>• Bhronn Dia mo mhuintir orm. Tugann siad aire agus múineann siad an grá dom. Is féidir liom grá agus buíochas a léiriú, roinnt, agus aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile. (CCC 224).<br><br>**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**<br>• Is féidir liom bheith cóir cothrom (CCC 1944-45, 2255, 2319).<br>• Is féidir liom bheith ionraic macánta (CSRE 3b). |

# Luan: Traidisiún Beo na Scoile Caitlicí

## 28 Eanáir 2019

*Gabhaimis buíochas leis na daoine a bhíonn ag múineadh sna scoileanna Caitliceacha. Is gníomh grámhar an múineadh, ar nós na beatha a bhronnadh ar dhuine.*

An Pápa Proinsias, 1 Márta 2014

### Smaoinigh: Ár Scoil Chaitliceach

Cad is ainm don scoil?
Cad iad na laethanta scoile?
Déan liosta de na rudaí a dhéanaimid ar scoil.
Cad í an ghníomhaíocht is ansa leat?

### Urnaí

Smaoinigh ar phobal na scoile ina iomláine. (Sos)
Nuair a labhraímid le Dia bímid ag guí.
Tosaímid le fíor na croise: In ainm an Athar…
(Déan aithris ar an múinteoir) A Dhia grámhar, éist lenár nguí; Tabhair aire ghrámhar don uile dhuine againn anseo, inniu agus riamh, Amen.

### Taighde: Baineann muintearas leis an scoil

- Glacaimid páirt i réimse gníomhaíochtaí ar scoil.
- Bíonn rudaí nua, agus athdhéanamh ar rudaí eile á ndéanamh.
- Cad iad na rudaí a dhéanaimid gach lá (m.sh. cóta a bhaint, lón a ithe, súgradh sa chlós, pionsailí a úsáid 7rl)
- Bímid ag caint le Dia in aghaidh an lae.
- Nuair a labhraímid le Dia bímid ag guí.
- Cad í an urnaí is ansa leatsa?

### Machnamh

Mhúin Íosa dá chairde conas guí chun an Athar. Is féidir an phaidir seo a rá lena chéile:

Ár nAthair atá ar Neamh…

Ar scoil, foghlaimímid conas maireachtáil ar nós Íosa. Cuimhnímid ar an teachtaireacht a thug Íosa dúinn maidir le Dia ár nAthair a ghrá.

Nuair a thugaimid grá dá chéile bíonn grá Dé á roinnt againn. Múineann Íosa dúinn a bheith caoin measúil, gur ceart meas a léiriú ar an duine eile agus ar an domhan a chruthaigh Dia dúinn chomh maith.

### Gníomhaigh

Cén scéal faoi Íosa is fearr leis an rang?

**Moladh don Oide:** Bheadh na scéalta seo oiriúnach:


**I nGrá Dé Naíonáin Shóisearacha:**

- Íosa agus na Leanaí (Marcas 10:13-16), Téama 7, Ceacht 2
- 'Tugaigí Grá dá Chéile (Matha 22:37-39), Téama 7, Ceacht 2
- Íosa Óg sa Teampall (Lúcás 2:41-50), Téama 4, Ceacht 2
- Beannaíonn Íosa na Leanaí (Marcas 10:13-16; Matha 19:13-15 & Lúcás 18:15-17),Téama 5 Ceacht 1
- An Phríomhaithne (Matha 22:34-40; Marcas 12:28-34; Lúcás 10:25-8), Téama 5 Ceacht 3

I nGrá Dé Naíonáin Shinsearacha:

- Íosa agus na Leanaí (Matha 19:13-15), Téama 6, Ceacht 2
- Míorúilt na nBuilíní (Eoin 6:1-13), Téama 6, Ceacht 2
- Smacht ag Íosa ar na Dúile (Marcas 4:35-41, Lúcás 8:22-25, Matha 8:23-27), Téama 6, Ceacht 3
- Leigheasann Íosa an dall Bartimaeus (Marcas 10:46-52), Téama 6, Ceacht 4
- An Phríomhaithne, (Matha 22:34-40), Téama 10, Ceacht1

# Buíochas leat a Dhia as ........................................
(ainm na scoile)



Tarraing pictiúr.
Tú féin i mbun na gníomhaíochta scoile is ansa leat.

# Máirt: Fáilte Roimh Éagsúlacht sa Scoil Chaitliceach

## 29 Eanáir 2019

*Is féidir foghlaim ón dialóg nuair a dhéileáiltear leis an duine eile ar bhonn ceart measúil, agus éisteacht cheart á thabhairt, nuair a chuirtear tuairimí ar aghaidh go macánta gan caolú á dhéanamh ar ár dtuairimí féin, agus é faoi ghrásta an spioraid.......... Iarrtar ar na scoileanna agus ar na hollscoileanna modh oibre chomhphlé intleachtúil a chur i bhfeidhm agus an aidhm leis an fhírinne a lorg.*

An Pápa Proinsias, 9 Feabhra 2017

**Smaoinigh: Conas mar a bhímid ag déileáil leis an duine eile ar scoil**
Conas a léirímid go bhfuil meas againn ar a chéile?

**Urnaí**
Gearraimid fíor na croise orainn féin: In ainm an Athar...
(Déan aithris ar an múinteoir)
A Dhia grámhar, éist lenár nguí;
Tabhair aire ghrámhar don uile dhuine againn anseo,
inniu agus riamh. Amen.



Thug an Pápa Proinsias cuairt ar Éirinn, mí Lúnasa seo caite. Cuireann sé i gcuimhne dúinn, 'le do thoil', 'buíochas' agus 'tá brón orm' a rá nuair is gá. Bain úsáid as na focail seo in aghaidh an lae nuair is gá.

**Taighde**
Cad a déarfá dá dtarlódh na rudaí seo duit:
- Páiste a leagadh trí thimpiste sa chlós?
- Roinneann páiste gníomhaíocht leat?
- Ba mhaith leat crián duine eile a úsáid?

**Machnamh**
Smaoinigh ar na hamanna ina mbíonn tú ag gabháil buíochais 7rl.
- Cad iad na hamanna ina ndeirtear 'le do thoil', 'buíochas', 'brón orm'?
- Cé lena mbeifeá ag caint?
- Cén fáth le go ndéarfá 'le do thoil', 'buíochas', 'brón orm'?

**Gníomhaigh**
Bhronn Dia aingeal coimhdeachta an duine orainn le haire a thabhairt dúinn.
Gabhaimid buíochas le Dia as an mbronntanas speisialta seo.
Guímid: A Aingeal Dhil Dé ...

Buíochas

Le Do Thoil

Tá Brón Orm

Déan pictiúr díot féin agus tú ag rá 'buíochas', 'le do thoil', 'tá brón orm'.

# Déardaoin: Ár Scoil Chaitliceach ag Freastal ar an bPobal

## 31 Eanáir 2019

*Aistear in éineacht leis an bpobal é, an naofacht a lorg.*
*Déantar i gcomhar lena chéile é.*
Gaudete et Exultate (141)

### An pobal ina mairimid

Éard is pobal ann ná comhluadar daoine a chónaíonn lena chéile agus a thugann aire dá chéile. Déan liosta de mhuintir an phobail a thugann aire dúinn.
(Gruagaire, maor tráchta scoile, rúnaí na scoile, tiománaí bus, sagart, leabharlannaí, dochtúir, altra, fiaclóir, coimeádaí.........

### Cé Mise?

Déanann páiste cur síos ar obair an duine thuas gan an t-ainm a thabhairt.

**Moladh don Oide:** Beidh gá leis na páistí a spreagadh sula dtugtar faoin gcluiche thuas. Is féidir leatsa samplaí a thabhairt do na daltaí mar atá thíos.
Cé mise? Bailím na daltaí ar maidin agus tugaim ar scoil i mo bhus iad, agus fillimid ar an mbaile sa tráthnóna.

- Tugaim aire do na fiacla. Meabhraím do na leanaí na fiacla a ghlanadh go rialta. Cé mise?
- Tugaim aire don scoil agus do thimpeallacht na scoile. Cé mise?
- Déanaim an tAifreann a léamh. Cé mise?

### Urnaí

In ainm an Athar... (Déan aithris ar an múinteoir)
Á Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas as na baill phobail a thugann aire dúinn.
Amen

### Taighde: Ár scoil mar chomhluadar

Bímid ag obair, ag súgradh, ag foghlaim lena chéile ar scoil. Tugaimid aire dá chéile, bíonn meas againn ar a chéile. Deir Íosa linn grá a léiriú don uile dhuine.
Uaireanta bímid ag cabhrú le daoine nach bhfuil aon bhaint acu leis an scoil.
Cad iad na bealaí inar thug tusa cabhair do dhaoine eile?


**Moladh don Oide: Cad iad na fiontair inar ghlac an scoil páirt iontu m.sh. tiomsú airgid? Conas mar a roinneamar le daoine eile? Cá háit?/ Cén fáth? / Cathain?**

- A ndearnamar guí ar son an duine eile?
- An ndearnamar airgead a thiomsú don duine eile?
- Ar bhronnamar airgead nó earraí ar dhaoine eile?

### Machnamh

Smaoinigh inniu ar 'le do thoil' agus 'buíochas' a rá le daoine eile. Gabhaimid buíochas le Dia nuair a bhímid ag guí. Ba mhaith an rud é guí roimh agus i ndiaidh ithe inniu. (Altú roimh agus i ndiaidh béilí).

Déan an stionsal a phriontáil ar chairtchlár agus cuir dath air. Cé a gheobhaidh an cárta buíochais uait?



# Aoine: Tacú le Creideamh sa Scoil Chaitliceach

## 1 Feabhra 2019, Lá Fhéile Naomh Bríd

*Tuigeann lucht an chreidimh go mbíonn Dia inár dteannta ar bhealach ciúin ag gach nóiméad dar saol, san uile dhuine, ionamsa agus ionatsa, i ngach sórt suímh.*
An Pápa Proinsias, Nua Eabhrac, Meán Fómhair 2015.

### Smaoinigh: Déanaimid ócáidí speisialta a cheiliúradh

Tá iliomad bealaí ann ina mbímid ag ceiliúradh.
Bí ag caint faoi aon cheiliúradh a rinne sibh.
Cad a bhí á cheiliúradh?
Lá breithe/pósadh/bua/baisteadh/ócáid ar leith? Cé a bhí i láthair?
Conas ar thuig tú gur ceiliúradh a bhí ann?
Conas mar a mhothaigh na daoine a bhí ann?
An raibh bia ar leith ar fáil?
An raibh daoine gléasta in éide ar leith? Ar maisíodh an áit?

### Urnaí

In ainm an Athar... (Déan aithris ar an múinteoir)
A Dhia ár nAthair,
Gabhaimid buíochas leat as an gceiliúradh a dhéanaimid.
Amen.

### Taighde

Rinne Naomh Bríd cros ón luachair.
Mhúin sí do dhaoine go raibh grá ag Dia dóibh.
Inniu tá crosóg Bhríde le dathú. Cuirtear i gcuimhne dúinn an grá atá ag Íosa dúinn.

**Nod don Oide**: Bheadh deis anseo cuairt a thabhairt ar an séipéal áitiúil.

### Inniu Lá Fhéile Bríde.

Rinne Naomh Bríd cros ón luachair.
Mhúin sí do dhaoine go raibh grá ag Dia dóibh.
Inniu tá crosóg Bhríde le dathú. Cuirtear i gcuimhne dúinn an grá atá ag Íosa dúinn.

### Gníomhaigh

Can ‘Amhrán Bhríde’ (I nGrá Dé, Naíonáin Shinsearacha, Téama 5 Ceacht 1)

Cuir dath ar an gCrosóg Bhríde.

